Scéalta an Tuaiscirt

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dheacrachtaí trádála sa Tuaisceart tar éis Brexit. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad atá ar eolas agat faoi phrótacal Thuaisceart Éireann?
2. Cén réiteach atá ar cheist na teorann idir an Tuaisceart agus an Ríocht Aontaithe, dar leat?
3. Samhlaigh go gcuireann duine ó thír eile ceist ort cur síos a dhéanamh ar Thuaisceart Éireann. Cad a déarfá?

Ceist 2 Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. srianta _____
2. earraí _____
3. easpórtáil _____
4. coimhlint _____
5. sealadach _____
6. earcú foirne _____
7. calafoirt _____
8. a iniúchadh _____
9. ar na bacáin _____
10. a dhearbhú _____
11. solúbthacht _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideoidh sé sin libh.

Ceist 3 Cad iad frithchiallaigh na bhfocal seo thíos?

- easpórtáil
- coimhlint
- sealadach
- earcú foirne
- solúbthacht

Ceist 4 Féach ar an tuairisc arís. Pléigh an méid a thuig tú leis an duine in aice leat.

Ceist 5 '…*ar an gcéad*…' agus *'…ar an Aoine…'*

1. Cén chuid den ghramadach atá i gceist leis na samplaí thuas a bhí le cloisteáil sa tuairisc?
2. An féidir leat na rialacha a bhaineann leis an ngné thuas a mhíniú?
3. Ag baint úsáid as na samplaí thuas mar threoir, déan cibé athrú is gá ar na focail idir lúibíní sna habairtí seo:

   - Cé atá ag siúl leis an (bean) _____ sin?
   - Cuir do phláta ar an (bord) _____, le do thoil.
   - Is breá liom a bheith i mo shuí in aice leis an (fuinneog) _____.
   - Tá sí ina cónaí ar an (sráid) _____ dheas in aice na farraige.
   - Caithfidh tú d'ainm a scríobh faoin (uimhir) _____.
   - Feicfidh mé thú ag an (teach) _____ ag a 10 a chlog.
   - Chuala mé í ag caint ar an (clár) _____ raidió sin ar maidin.
   - Cé atá ag an (doras) _____?
   - Scríobhaigí bhur n-ainmneacha ar an (páipéar) _____ scrúdaithe.

Ceist 6 '…. ag an Aire Gnóthaí Eachtracha…'

Cén post atá ag na daoine seo a leanas?

Charlie McConalogue
Roderic O'Gorman
Leo Varadkar
Norma Foley
Paschal Donohoe

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ceist 2

1. srianta	*restrictions*
2. earraí	*goods, commodities*
3. easpórtáil	*export*
4. coimhlint	*conflict*
5. sealadach	*temporary*
6. earcú foirne	*staff recruitment*
7. calafoirt	*ports*
8. a iniúchadh	*to inspect*
9. ar na bacáin	*on the cards*
10. a dhearbhú	*to assure*
11. solúbthacht	*flexibility*

Ceist 3

Easpórtáil – iompórtáil
Coimhlint – síocháin
Sealadach – buan
Earcú foirne – daoine á mbriseadh as a bpost
Solúbthacht – dolúbthacht

Ceist 4

Féach an script.

Ceist 5

1. An tuiseal tabharthach.
2. Féach:
    - Uraítear ainmfhocail dar tús consan nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt i gcanúint Chonnacht agus i gcanúint na Mumhan (seachas DNTLS).
    - Séimhítear ainmfhocail dar tús consan nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt i gcanúint Uladh.
    - Cuirtear ***t*** roimh ainmfhocail bhaininscneacha dar tús ***s*** i ngach canúint.
    - Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús ***t*** agus ***d*** nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt, in aon chanúint.
    - Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar ainmfhocail dar tús guta nuair a leanann siad réamhfhocal simplí agus an t-alt (uatha), in aon chanúint.
      *Forléargas ginearálta atá sa treoir thuas.
3. Féach:

Cé atá ag siúl leis an **m**bean sin? *(leis an bhean i gcanúint Uladh)*
Cuir do phláta ar an **m**bord, le do thoil. *(ar an bhord i gcanúint Uladh)*
Is breá liom a bheith i mo shuí in aice leis an bhfuinneog. *(leis an fhuinneog i gcanúint Uladh)*
Tá sí ina cónaí ar an **t**sráid dheas in aice na farraige.
Caithfidh tú d'ainm a scríobh faoin uimhir.
Feicfidh mé thú ag an teach ag a 10 a chlog.
Chuala mé í ag caint ar an gclár raidió sin ar maidin. *(ar an chlár i gcanúint Uladh)*
Cé atá ag an doras?
Scríobhaigí bhur n-ainmneacha ar an bpáipéar scrúdaithe. *(ar an pháipéar i gcanúint Uladh)*

Ceist 6

Charlie McConalogue: An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara (Minister for Agriculture, Food and Marine)
Roderic O'Gorman: An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (Minister for Children, Equality, Disability, Integration and Youth)
Leo Varadkar: Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Minister for Enterprise, Trade and Employment)
Norma Foley: An tAire Oideachais (Minister for Education)
Paschal Donohoe: An tAire Airgeadais (Minister for Finance)

Siún Nic Gearailt
Tá iarrtha ag an Aire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, ar lucht gnó ullmhú do na srianta nua a bheidh le cur i bhfeidhm ar earraí a bheidh le heaspórtáil chun na Breataine. Tiocfaidh na hathruithe nua i bhfeidhm ar an gcéad lá de mhí Aibreáin. Tá coimhlint fós ann mar gheall ar phrótacal Thuaisceart Éireann.

Sorcha Ní Riada
Le cúpla lá anuas tá an chonspóid mar gheall ar phrótacal Thuaisceart Éireann, a socraíodh mar chuid den gcomhaontú idir an Eoraip agus an Ríocht Aontaithe, imithe in olcas. Ar an Aoine, d'ordaigh an tAire Talmhaíochta sealadach sa Tuaisceart, Gordon Lyons, go gcuirfear stop leis an obair thógála ar struchtúr buan agus ar earcú foirne a bhí ar bun le go bhféadfaí earraí ag dul tríd na calafoirt a iniúchadh.

Ag labhairt in Stormont inniu, dúirt an tAire go bhfuil éiginnteacht fós ann mar gheall ar a bhfuil ar na bacáin do lucht gnó sa Tuaisceart agus i bhfianaise sin, go gcreideann seisean, gurb é seo an cinneadh ceart leis an gcinnteacht atá riachtanach don lucht gnó a dhearbhú. Dúirt sé leis, nach leor an prótacal a leasú nó a athrú ach go gcaithfear fáil réidh leis ar fad.

Ag labhairt faoi seo inné, dúirt an tAire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, go leanfaidh an prótacal. Dúirt sé go bhfuil comhráite leanúnacha ag dul ar aghaidh, féachaint cén tsolúbthacht atá ann laistigh den bprótacal le tacú le trádáil idir an Bhreatain agus Tuaisceart Éireann, lena laghad srianta agus seiceála is féidir é. Dúirt sé gur cuid de chomhaontú idirnáisiúnta agus dlí idirnáisiúnta an prótacal; agus go bhfuil dualgas dlíthiúil ann é a chur i bhfeidhm.

Idir an dá linn, bhí cruinniú boird ag ceann de na heagrais trasteorann, Foras na Gaeilge, inniu, le tosaíochtaí na bliana seo chugainn a phlé. Tá an Foras ag súil go bhfógrófar ardú airgeadais dóibh, nuair a thagann an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas le chéile ag deireadh mhí an Mhárta.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4.